Charles O'Connell
Rannán na Seirbhísí Corparáideacha
Teach Shrutháin na Giúise
71-74 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2.

achtteanga@justice.ie

14 Iúil 2009

**An dara Dréacht Scéim á hullmhú ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.**

Is mian le hÚdarás na Gaeltachta na pointí seo a leanas a dhéanamh maidir leis an scéim nua atá á dhréachtadh:

1. Forálann Alt 11 den Acht go bhféadfaidh an tAire, le fógra i scríbhinn chuig ceann comhlachta poiblí, a cheangal ar an gcomhlacht poiblí dréacht scéim a ullmhú agus a thíolacadh dó nó di lena daingniú laistigh de pé tréimhse ama (nach faide ná 6 mhí ó dháta eisithe a fhógra) a bheith sonraithe san fhógra, ar dréacht scéim í ina sonrófar:

   (a) na seirbhísí a bheartaíonn an comhlacht poiblí a sholáthar
      (i) trí mheán na Gaeilge amháin
      (ii) trí mheán an Bhéarla amháin
      (iii) trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge araon

   agus

   (b) na bearta a bheartaíonn an comhlacht a ghlacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh

   2. (a) Sonrófar i ndréacht scéim dá dtagraítear i *bhfo-alt* (i) na modhanna cumarsáide atá le soláthar sa Ghaeilge amháin, sa Bhéarla amháin agus sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.

2. Sa mhéid nach léir dúinn ag an bpointe seo cé na torthaí a baineadh amach sa chéad dréacht scéim 2006-2009 is deacair dúinn moltaí sonracha a dhéanamh maidir le dréacht scéim nua atá faoi chaibidil.

   Feictear dúinn, áfach, go bhfuil sé inmhianaithe agus riachtanach, mar gheall ar staid leochaileach na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht, go dtabharfaí tosaíocht ar leith:

(a) do chomhlachtaí poiblí atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht nó a bhfuil a chuid foirne lonnaithe sa Ghaeltacht nó ag freastal ar phobal na Gaeltachta.

(b) do chomhlachtaí poiblí a bhfuil a gcuid oifigí riaracháin lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht ach a bhfuil seirbhísí á soláthar acu do phobal na Gaeltachta.

(c) do chomhlachtaí poiblí a sholáthraíonn seirbhísí do phobal na Gaeltachta trí chonraitheoirí nó trí chuideachtaí comhairleoireachta.

Bheadh sé tábhachtach ina gcás sin go ndíreofaí aird agus béim ar leith:

(a) ar an gcumarsáid labhartha/bhéil idir na dreamanna sin agus pobal na Gaeltachta sa réimse iomlán gníomhaíochtaí ina dtarlaíonn an teagmháil leis an bpobal.

(b) ar an gcumarsáid chomharthaíochta, fhógraíochta agus phoiblíochta a bhaineann le gnóthaí na gcomhlachtaí agus na gcuideachtaí sin.

Is ábhar misnigh é gur bheartaigh an Roinn, as a stuaim féin cuid dá fhorais chomhlachaithe a áireamh sa scéim teanga. In ainneoin a laghad teagmhála a ndeirtear a bhíonn ag an Roinn leis an bpobal leagadh amach céimeanna praiticiúla mar thús phointe don scéim. Le cur leis an gcéad scéim sin molaimid mar chur chuige in ullmhú na Scéime nua go ndéanfaí measúnú cuimsitheach ar na nithe seo leanas:

- iniúchadh a dhéanamh ar éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge ag custaiméirí mar go raibh sé leagtha amach go mbeadh cumasú foirne coinníollach ar éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

- iniúchadh a dhéanamh ar an líon seirbhísí a chuir an Roinn ar fáil trí Ghaeilge, trí Bhéarla agus go dátheangach le linn tréimhse na scéime.

Molaimid chomh maith nach ndéanfaí aon mhaolú ar an tiomantas a tugadh sa Scéim roimhe seo le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge nó go dátheangach.

Má tá aon cheist agat faoi ábhar na haighneachta seo, déan teagmháil liom.

Is mise, le meas

**Máire Ní Mhainín**
Comhordaitheoir Teanga